Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. en)

7516/22

FIN 358

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Bruno LE MAIRE, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 09/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséid ghinearálta 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 09/2022.

---

Faoi iamh: DEC 09/2022

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 23/03/2022

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2022
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 14, 15, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 09/2022**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS:

**CAIBIDIL -** 1502 Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)

| | | |
|---|---|---|
| ÍTIM - 15 02 02 02 Aistriú chuig rialacha an Aontais | Gealltanais | -11 066 559,56 |
| ÍTIM - 15 02 99 01 Ionstraimí roimhe seo um chúnamh réamhaontachais a chur i gcrích (roimh 2021) | Íocaíochtaí | -1 066 559,56 |

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (Ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 04 01 Cúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála (Leithreasuithe arna thabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12) | Gealltanais | -38 933 440,44 |
| | Íocaíochtaí | -38 933 440,44 |

## GO DTÍ

**CAIBIDIL -** 1403 Cabhair Dhaonnúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 14 03 01 Cabhair dhaonnúil (Leithreasuithe arna thabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12) | Gealltanais | 38 933 440,44 |
| | Íocaíochtaí | 38 933 440,44 |
| AIRTEAGAL - 14 03 01 Cabhair dhaonnúil | Gealltanais | 11 066 559,56 |
| | Íocaíochtaí | 1 066 559,56 |

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, tá an staid dhaonnúil sa tír ag dul in olcas go tapa. Tá comhpháirtithe i réimse an chúnaimh dhaonnúil ag freagairt don chás ar fud na tíre cheana agus tá siad ag cur leis an bhfreagairt chéanna. Tá cistiú breise á iarraidh go práinneach agus aghaidh á tabhairt ag an Úcráin ar thubaiste dhaonnúil nach bhfacthas a leithéid riamh.

Ó lár mhí an Mhárta, tá méadú go 12,7 milliún tagtha ar an líon daoine atá sáinnithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Measann Oifig na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe go bhfuil 1,9 milliún duine easáitithe go hinmheánach agus gur theith níos mó ná 2,8 milliún duine as an tír. De réir Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, is sna cathracha móra atá faoi léigear faoi láthair nó atá scoite ina n-iomláine nach mór atá an staid dhaonnúil is tromchúisí (lena n-airítear Cív, Mariupol, Kharkiv agus Kherson) agus ar fud na líne teagmhála in Donbas.

Seachadadh cúnamh éigeandála chuig áiteanna éagsúla sa tír cheana, lena n-airítear bia agus míreanna neamhbhia, dídean éigeandála, uisce, fearais sláinteachais, tacaíocht sláinte agus chosanta. An 1 Márta 2022 sheol na Náisiúin Aontaithe achainí le haghaidh USD 1,7 billiún.

Leis an aistriú seo moltar an Chabhair Dhaonnúil a athneartú le **EUR 50 milliún** i ngealltanas agus **EUR 40 milliún** i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun cuidiú leis na daoine atá thíos leis an ngéarchéim trí na nithe seo a leanas a sholáthar: bia agus míreanna neamhbhia, seirbhísí éigeandála leighis, leigheasanna criticiúla, soláthairtí agus trealamh sláinte, tacaíocht shíceasóisialta, cosaint leanaí, uisce óil agus fearais sláinteachais, dídean agus cosaint le haghaidh na ndaoine atá thíos leis an gcoinbhleacht.

Ó lár mhí an Mhárta, is é 89 % de na leithreasuithe a bhí ar fáil an ráta foriomlán a bhí ann maidir le cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá faoi chaibidil na cabhrach daonnúla 14 03 agus is é 8,9 % an ráta a bhí ann maidir le cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. An 12 Márta 2022 bhí EUR 90,7 milliún ar conradh le haghaidh na hÚcráine cheana. Shainaithin an Coimisiún acmhainní atá ar fáil i gCeannteideal 6 le haghaidh EUR 11 mhilliún i ngealltanas agus EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón Ionstraim um Réamhaontachas. Thairis sin, iarrtar an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a shlógadh le haghaidh méid iomlán de EUR 39 milliún i ngealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**15 02 02 02 - Aistriú chuig rialacha an Aontais**

### b) Figiúirí an 21/03/2022

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 113 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 113 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **113 000 000,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **11 066 559,56** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **101 933 440,44** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 9,79 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 18 131 721,71 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 21/03/2022 | 18 131 721,71 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,00 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Mar gheall ar aisghabhálacha a fuarthas faoi ghealltanais a tugadh roimhe, is féidir méid EUR 11 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil ón gcuid den Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais a bhaineann le hAistriú chuig rialacha an Aontais Eorpaigh chun na riachtanais phráinneacha faoi Cheannteideal 6 a chumhdach.

## I.2

## a) Ceannteideal

**15 02 99 01 - Ionstraimí roimhe seo um chúnamh réamhaontachais a chur i gcrích (roimh 2021)**

## b) Figiúirí an 21/03/2022

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 734 568 865,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 1 734 568 865,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 208 416 446,80 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **1 526 152 418,20** |
| **6 An laghdú atá molta** | **1 066 559,56** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **1 525 085 858,64** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,06 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 5 487 771,69 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 21/03/2022 | 241 281,66 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 95,60 % |

## d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Sainaithníodh barrachas EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar leithreasuithe iad is féidir a chur ar fáil ón líne chríochnaithe seo chun riachtanais phráinneacha faoi Cheannteideal 6 a chumhdach.

## I.3

## a) Ceannteideal

**30 04 01 - Cúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála (Leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12)**

## b) Figiúirí an 21/03/2022

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12) | 40 776 273,00 | 62 539 398,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 40 776 273,00 | 62 539 398,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **40 776 273,00** | **62 539 398,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **38 933 440,44** | **38 933 440,44** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **1 842 832,56** | **23 605 957,56** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 95,48 % | 62,25 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 21/03/2022 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

De réir Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tá an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála beartaithe na nithe seo a leanas a cheadú:

(a) cúnamh chun freagairt ar chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle; agus

(b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha ag eascairt as imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a bunaíodh an buiséad, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcásanna ina bhfuil bagairtí ar an tsláinte phoiblí, bagairtí tréidliachta nó fíteashláintíochta ar mhórscála ann, chomh maith le cásanna a mbeidh brú faoi leith ag baint leo ag teorainneacha seachtracha an Aontais a eascróidh as sreafaí imirce, i gcás ina n-éileofar sin leis na himthosca.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**14 03 01 - Cabhair dhaonnúil (Leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12)**

### b) Figiúirí an 21/03/2022

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh atá le gealladh suas go dtí 31/12) | 0,00 | 0,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 0,00 | 0,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **0,00** | **0,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **38 933 440,44** | **38 933 440,44** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **38 933 440,44** | **38 933 440,44** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 906 535,33 | 79 890,92 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 21/03/2022 | 1 896 535,33 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,52 % | 100,00 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

I bhfianaise na staide daonnúla san Úcráin, staid atá ag dul in olcas go tapa, tá gá le EUR 50 milliún i ngealltanas agus EUR 40 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun cuidiú leis na daoine atá thíos leis an ngéarchéim trí na nithe seo a leanas a sholáthar: bia agus míreanna neamhbhia, seirbhísí éigeandála leighis, leigheasanna criticiúla, soláthairtí agus trealamh sláinte, tacaíocht shíceasóisialta, cosaint leanaí, uisce óil agus fearais sláinteachais, dídean, agus cosaint le haghaidh na ndaoine atá thíos leis an gcoinbhleacht.

Ní féidir ach cuid den athneartú is gá a chumhdach leis na hacmhainní atá ar fáil i gCeannteideal 6. Thairis sin, iarrann an Coimisiún go slógfar an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála le haghaidh méid iomlán EUR 39 milliún i ngealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**II.2**

## a) Ceannteideal

**14 03 01 – Cabhair dhaonnúil**

## b) Figiúirí an 21/03/2022

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 717 901 913,00 | 2 008 851 440,00 |
| 2 Aistrithe | 23 740 000,00 | 23 740 000,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 1 741 641 913,00 | 2 032 591 440,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 1 492 591 913,00 | 217 746 342,59 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **249 050 000,00** | **1 814 845 097,41** |
| **6 An méadú a iarradh** | **11 066 559,56** | **1 066 559,56** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **260 116 559,56** | **1 815 911 656,97** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,64 % | 0,05 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 906 535,33 | 79 890,92 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 21/03/2022 | 1 896 535,33 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,52 % | 100,00 % |

## d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

I bhfianaise na staide daonnúla san Úcráin, staid atá ag dul in olcas go tapa, tá gá le EUR 50 milliún i ngealltanas agus EUR 40 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun cuidiú leis na daoine atá thíos leis an ngéarchéim trí na nithe seo a leanas a sholáthar: bia agus míreanna neamhbhia, seirbhísí éigeandála leighis, leigheasanna criticiúla, soláthairtí agus trealamh sláinte, tacaíocht shíceasóisialta, cosaint leanaí, uisce óil agus fearais sláinteachais, dídean, agus cosaint le haghaidh na ndaoine atá thíos leis an gcoinbhleacht.

Shainaithin an Coimisiún athdháileadh atá ar fáil i gCeannteideal 6 le haghaidh EUR 11 mhilliún i ngealltanas agus EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón Ionstraim um Réamhaontachas.

## ANNEX

### COMMISSION TRANSFER PROPOSALS RELATED TO THE SOLIDARITY AND EMERGENCY AID RESERVE IN 2022

The tables below show the transfer proposals transmitted to the Budgetary Authority to date during 2022, which relate to the Solidarity and Emergency Aid Reserve (SEAR), and the remaining amount under the SEAR reserve following the approval of these proposals.

**Commitment Appropriations 2022 Reserve (EUR)**

| Transfer Ref | Content | TOTAL | *carried over* | *voted budget* | ***Internal** (excluding EUSF)* | ***EUSF*** | ***External**** | *End-of-Year Cushion (25%)* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **General Budget 2022 - Initial appropriations** | **1.339.695.273** | *40.776.273* | *1.298.919.000* | ***152.244.828*** | ***507.482.761*** | ***355.237.934*** | ***324.729.750*** |
| | General Budget 2022 - EUSF advances *(Article 4a EUSF Regulation)* | -50.000.000 | | *-50.000.000* | | -50.000.000 | | |
| DEC 09 | Mobilisation of the SEAR for humanitarian aid for the crisis in Ukraine and neighbouring countries | 38.933.440 | *38.933.440* | | | | 38.933.440 | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | **Total DEC transfer proposals** | **38.933.440** | *38.933.440* | *0* | **0** | **0** | **38.933.440** | **0** |
| | **Remainder** | **1.250.761.833** | *1.842.833* | *1.248.919.000* | **152.244.828** | **457.482.761** | **316.304.494** | **324.729.750** |

**Payment Appropriations 2022 Reserve (EUR)**

| Transfer Ref | Content | TOTAL | *carried over* | *voted budget* | ***Internal** (excluding EUSF)* | ***EUSF*** | ***External**** | *End-of-Year Cushion (25%)* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **General Budget 2022 - Initial appropriations** | **1.361.458.398** | *62.539.398* | *1.298.919.000* | ***155.509.297*** | ***518.364.324*** | ***362.855.027*** | ***324.729.750*** |
| | General Budget 2022 - EUSF advances *(Article 4a EUSF Regulation)* | -50.000.000 | | *-50.000.000* | | -50.000.000 | | |
| DEC 09 | Mobilisation of the SEAR for humanitarian aid for the crisis in Ukraine and neighbouring countries | 38.933.440 | *38.933.440* | | | | 38.933.440 | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | **Total DEC transfer proposals** | **38.933.440** | *38.933.440* | *0* | **0** | **0** | **38.933.440** | **0** |
| | **Remainder** | **1.272.524.958** | *23.605.958* | *1.248.919.000* | **155.509.297** | **468.364.324** | **323.921.587** | **324.729.750** |

** of which EUR 211 million earmarked for floods*